
View in browser

26 Lúnasa 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 63





## LÁ SPRAOI CHOIS FHARRAIGE

Bhí an-lá againn ar an Satharn 21 Lúnasa ag Lá Spraoi Chois Fharraige. Idir cluichí peile agus cispheile go rásaí, cluichí iascaireachta, péinteáil agus cathaoireacha ceoil, bhí neart spóirt agus spraoi ar an lá. Bhí taispeántas damhsa ag an deireadh fiú ó Ríona Ní Fhlatharta agus Aoife Ní Chonghaile. Tugadh féiríní beaga do na gasúir sular imigh siad freisin! Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le hÓige na Gaeltachta, Club Óige an Spidéal, Club Óige Chois Chuain, chomh maith le Scoile Éinne, An Spidéal agus le chuile dhuine a thug cúnamh dúinn ar an lá, a ghlac páirt agus a thug tacaíocht dúinn. Tá súil againn gur bhain chuile dhuine taitneamh as!









## RANGANNA CEOIL

Tá ranganna ceoil á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta a bheas ar siúl san Ionad Splanc ar an gCeathrú Rua. Beidh téarma nua á thosú ar an 27ú Meán Fómhair. Muna gceadaítear ranganna beo ag an am seo, leanfar leis na ranganna go fíorúil, ar *Zoom.* Beidh an giotár, an méarchlár, na drumaí, an bosca ceoil, an fhidil agus an fheadóg á mhúineadh le linn an théarma. Le tuilleadh eolais a fháil faoi na ranganna seo, ní mór teagmháil a dhéanamh le aisling@tuismitheoiri.ie Mar eolas, is í an Ghaeilge teanga na ranganna agus caithfear cloí leis seo.

## FOLÚNTAS AG IONAD TACAÍOCHTA TEAGHLAIGH

Tá Ionad Tacaíochta Teaghlaigh (An Crann Taca), Ionnaithe ar an gCnoc, Indreabhán, Co. na Gaillimhe ag lorg iarratais do phost Lánaimseartha/Páirtaimseartha. Ní mór go mbeadh cáilíocht QQI/FETAC Leibhéal 5 nó níos airde ag iarrthóirí. Tá an ITT ag lorg iarratais chomh maith le haghaidh an Iarscoil. Níl aon cháilíochtaí ag teastáil don phost seo. Tá líofacht sa Ghaeilge riachtanach don dá phost. Má tá tuilleadh eolais uait is féidir glaoch ar oifig Ionad Tacaíochta Teaghlaigh ag 091 593132 nó is féidir teachtaireacht a sheoladh chuig ittancranntaca@gmail.com.


## COGADH NA SAOIRSE

Ní fada anois go mbeidh Cogadh na Saoirse á léiriú ag Fíbín, i mBaile na hAbhann, mar chuid d'Fhéile Idirnáisiúnta Ealaíon na Gaillimhe. Amuigh faoin aer a bheas an taispeántas ar 14 ardán ar leith. Tabharfar an lucht féachana siar céad bliain chuig tréimhse chasta agus thar a bheith suntasach i stair na hÉireann. Philip Doherty a scríobh an taispeántas agus a bheas á stiúradh. Beidh an taispeántas ar siúl ón 27-29 Lúnasa agus 2-5 Meán Fómhair, cuirfear tús leis ag 9:30 chuile oíche. Is féidir ticéad a cheannach anseo.




## FOLÚNTAS AG POTA

Tá POTA sa tóir ar fhreastalaithe, ar chócairí agus ar chúntóirí cistine le bheith mar chuid dá bhfoireann. Postanna lán-aimseartha atá i gceist, le tosú láithreach. Má tá suim agat ann, is féidir do CV a sheoladh chuig potacafe@gmail.com nó is féidir teagmháil a dhéanamh le Diarmuid ag 086 193 2318 nó is féidir buail isteach chucu, ar ndóigh. Tá taithí inmhianaithe ach níl sé riachtanach.




## TOGRA CEOIL Ó MHUINTEARAS

Tá togra ceoil iontach á reáchtáil ag Muintearas. Tá ceoltóirí agus amhránaithe óga, idir 15-18 ag teastáil ó Mhuintears le hathchóiriú a dhéanamh ar rogha amhráin thraidisiúnta Ghaeilge - Óró Sé Do Bheatha Bhaile, Peigín Leitir Móir, Báidín Fheidhlimí agus neart eile nach iad. Má tá suim agat ann, is féidir ríomhphost a sheoladh chuig vivienne@muintearas.com

## AN CHÉAD GHLÚIN EILE

Ba í Gráinne Bleasedale, ó Ros a' Mhíl, a bhí i mbun cainte le Séamus Ó Scanláin ar a chlár An Chéad Ghlúin Eile, ar RTÉ Raidió na Gaeltachta an tseachtain seo. Sa Chéad Ghlúin Eile, caitheann Séamus seal i gcuideachta Gaeilgeoirí óga na linne seo agus cúrsaí an tsaoil á phlé acu. Sa chlár, tugann Gráinne cur síos ar an gcineál oibre a bhíonn ar siúl aici - an phuipéadóireacht, an aisteoireacht, an ceol, agus go leor eile nach iad - agus an ról lárnach atá ag an nGaeilge inti. Is féidir an clár a chloisteáil, chomh maith le breis ábhair anseo.

## SCÉIM SCOLÁIREACHTA CHOMHAR CREIDMHEASA CHOLM CILLE

Tá sé fógartha ag Comhar Creidmheasa Cholm Cille go mbeidh scoláireacht ar luach €1,500 á bhronnadh acu go luath. Beidh comórtas dá gcuid á fhógairt ag an gcomhar creidmheasa i rith na seachtaine - coinnigh súil ar chuntas na heagraíochta ar na meáin shóisialta le deis a fháil an scoláireacht a bhuachan.






## COMHRÁ LE SEÁN Ó COISDEALBHA

Seán Ó Coisdealbha, Príomhfheidhmeannach ar an eagraíocht Muintearas a bheas i mbun comhrá le Máirtín Tom Sheáinín anocht ar a chlár Comhrá. Tá dhá leabhar filíochta foilsithe ag Seán, ón Spidéal, chomh maith le drámaí stáitse agus teilifíse. Is féidir breathnú ar an agallamh ar an Déardaoin 26ú Lúnasa @ 19:30 ar TG4 agus ar Sheinnteoir TG4 ina dhiaidh.

## SUAITHEANTAIS DO GHNÓTHAÍ CHOIS FHARRAIGE

Tá suaitheantais i nGaeilge á soláthar ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige do ghnóthaí agus d'eagraíochtaí an cheantair. Tá na suaitheantais bunaithe ar an gcóras soilse tráchta a thugann le fios don phobal go bhfuil Gaeilge ag an bhfoireann nó go bhfuil baill foirne ag foghlaim na Gaeilge. Dearadh na suaitheantais le custaiméirí a spreagadh le níos mó Gaeilge a úsáid nó triail a bhaint aisti agus seirbhísí an cheantair á n-úsáid acu. Tá 'Gaeilge agus Fáilte' ar an suaitheantas glas, 'Tá cúpla focal agam' ar an suaitheantas oráiste agus 'Is foghlaimeoir Gaeilge mé' ar an suaitheantas dearg. Is féidir suaitheantais a fháil le haghaidh do ghnó nó d'eagraíocht ach teagmháil a dhéanamh leis na hOifigigh Pleanála Teanga ag
nó ar a gcuntas Facebook - ar fáil ag Pleanáil Teanga Chois Fharraige.








Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta